**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach*

**2022/0162(COD)**

6.12.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlaithe)
(COM(2022/0223) – C9-0179/2022 – 2022/0162(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Daniel Buda

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Táthar chun roinnt leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Rialachán sin a athmhúnlú. | (1) Táthar chun roinnt leasuithe a dhéanamh ar Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15]. Ar mhaithe le soiléireacht ***agus deimhneacht dhlíthiúil*** ba cheart an Rialachán sin a athmhúnlú. |
| [15] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, Lch. 1). | [15] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) ***Uimh. 1296/2013***, (AE) ***Uimh. 1301/2013***, (AE) ***Uimh. 1303/2013***, (AE) ***Uimh. 1304/2013***, (AE) ***Uimh. 1309/2013***, (AE) ***Uimh. 1316/2013***, (AE) ***Uimh. 223/2014***, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh ***Uimh. 541/2014/AE*** agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) ***Uimh. 966/2012*** (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Is gá cineál sonrach agus feidhmiú an tsoláthair dliteanas airgeadais agus an tsoláthair ráthaíochtaí buiséadacha a léiriú | (9) Is gá cineál sonrach agus feidhmiú an tsoláthair dliteanas airgeadais agus an tsoláthair ráthaíochtaí buiséadacha a léiriú |

| | |
|---|---|
| ar bhealach níos fearr. Dá bhrí sin, ba cheart coigeartú a dhéanamh ar shainmhínithe áirithe agus ar rialacha maidir le ráthaíochtaí buiséadacha, gealltanais bhuiséadacha, gealltanais dhlíthiúla, leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, faighteoirí agus faisnéis maidir le faighteoirí a fhoilsiú. Ba cheart sainmhíniú a chur leis ar an gcéim ina bhfuil an soláthar dliteanas airgeadais á chur le chéile. Ina theannta sin, ba cheart sainmhínithe a thabhairt cothrom le dáta chun leasuithe ar rialacha soláthair agus tabhairt isteach rialacha maidir le tabhartais neamhairgeadais a léiriú. | ar bhealach níos fearr. Dá bhrí sin, ba cheart coigeartú ***agus ailíniú*** a dhéanamh ar shainmhínithe áirithe agus ar rialacha maidir le ráthaíochtaí buiséadacha, gealltanais bhuiséadacha, gealltanais dhlíthiúla, leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, faighteoirí agus faisnéis maidir le faighteoirí a fhoilsiú. Ba cheart sainmhíniú a chur leis ar an gcéim ina bhfuil an soláthar dliteanas airgeadais á chur le chéile. Ina theannta sin, ba cheart sainmhínithe a thabhairt cothrom le dáta chun leasuithe ar rialacha soláthair agus tabhairt isteach rialacha maidir le tabhartais neamhairgeadais a léiriú. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun gur féidir freagairt go tapa in imthosca eisceachtúla, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann glacadh le tabhartais chomhchineáil, gan beann ar an luach atá orthu, i gcás ina ndéantar tabhartais den sórt sin chun críocha na cabhrach daonnúil, na cosanta sibhialta nó na cabhrach um bainistiú géarchéime. Chun na coimircí iomchuí a áirithiú, níor cheart don Choimisiún glacadh le tabhartais den sórt sin ach amháin i gcás ina bhfuil sé sin i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus prionsabal na trédhearcachta, i gcás nach n-eascraíonn coinbhleacht leasa as agus i gcás nach ndéantar dochar d'íomhá an Aontais dá bharr. Níor cheart don deontóir, tráth a ghlactar leis an tabhartas, a bheith in aon staid eisiaimh faoin gcóras luathbhraite agus eisiaimh agus níor cheart é a bheith cláraithe mar eisiata sa bhunachar sonraí comhfhreagrach. | (21) Chun gur féidir freagairt go tapa in imthosca eisceachtúla, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann glacadh le tabhartais chomhchineáil ***ar bhealach trédhearcach***, gan beann ar an luach atá orthu, i gcás ina ndéantar tabhartais den sórt sin chun críocha na cabhrach daonnúil, na cosanta sibhialta nó na cabhrach um bainistiú géarchéime. Chun na coimircí iomchuí a áirithiú, níor cheart don Choimisiún glacadh le tabhartais den sórt sin ach amháin i gcás ina bhfuil sé sin i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus prionsabal na trédhearcachta, i gcás nach n-eascraíonn coinbhleacht leasa as agus i gcás nach ndéantar dochar d'íomhá an Aontais dá bharr. Níor cheart don deontóir, tráth a ghlactar leis an tabhartas, a bheith in aon staid eisiaimh faoin gcóras luathbhraite agus eisiaimh agus níor cheart é a bheith cláraithe mar eisiata sa bhunachar sonraí comhfhreagrach. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide agus chomhshaoil agus chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an bhuiséid ina rannchuidiú leis an gComhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach, ba cheart coincheap na feidhmíochta a mhéid a bhaineann leis an mbuiséad a leathnú chun cur chun feidhme clár agus gníomhaíochtaí ar bhealach inbhuanaithe a chur san áireamh, rud nach gcuirfeadh bac ar bhaint amach na gcuspóirí comhshaoil maidir le maolú ar an athrú aeráide, an t-oiriúnú don athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní uisce agus muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú. | (24) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide agus chomhshaoil agus chun a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme an bhuiséid ina rannchuidiú leis an gComhaontú Glas don Eoraip[30] a bhaint amach, ba cheart coincheap na feidhmíochta a mhéid a bhaineann leis an mbuiséad a leathnú***, ar mhaithe le hiomláine,*** chun cur chun feidhme clár agus gníomhaíochtaí ar bhealach inbhuanaithe a chur san áireamh, rud nach gcuirfeadh bac ar bhaint amach na gcuspóirí comhshaoil maidir le maolú ar an athrú aeráide, an t-oiriúnú don athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní uisce agus muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú. |
| An Comhaontú Glas don Eoraip, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM/2019/640 final. | [30] An Comhaontú Glas don Eoraip, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM/2019/640 final. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais in aghaidh na calaoise, an éillithe, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile, ba cheart bearta caighdeánaithe a thabhairt | (27) Chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais in aghaidh na calaoise, an éillithe, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile, ba cheart ***iarrataí ar airgeadas agus*** |

isteach chun faisnéis maidir le faighteoirí chistiú an Aontais a bhailiú, a chur i gcomparáid agus a chomhiomlánú. Go háirithe, chun an chalaois a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a cheartú go héifeachtach nó chun neamhrialtachtaí a réiteach, is gá a bheith in ann na daoine nádúrtha a shainaithint, ar daoine iad a thairbhíonn, go díreach nó go hindíreach, de chistiú an Aontais sa deireadh agus a bhaineann leas as mí-úsáid chistiú an Aontais sa deireadh. Le taifeadadh agus stóráil leictreonach na sonraí maidir le faighteoirí chistiú an Aontais, lena n-áirítear a n-úinéirí tairbhiúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (6), de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus le cur ar fáil tráthrialta na sonraí sin i gcóras comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca a sholáthraíonn an Coimisiún, ba cheart measúnú riosca a éascú chun críoch roghnúcháin, dámhachtana, bainistíochta airgeadais, faireacháin, imscrúdúcháin, rialaithe agus iniúchta agus ba cheart rannchuidiú le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile a chosc, a bhrath, a cheartú go héifeachtach agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith. Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as córas comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca a fhorbairt, bainistiú a dhéanamh air agus faireachán a dhéanamh air. Ba cheart an rochtain is gá a bheith ag an gCoimisiún, na Ballstáit, na daoine nó eintitis a chuireann an buiséad chun feidhme, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF') agus comhlachtaí imscrúdúcháin agus rialaithe eile de chuid an Aontais agus a n-inniúlachtaí faoi seach á gcomhlíonadh acu. Na rialacha maidir le sonraí a thaifeadadh, a stóráil, a aistriú agus a phróiseáil, ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.

***aisíocaíochtaí agus*** bearta caighdeánaithe a thabhairt isteach chun faisnéis maidir le faighteoirí chistiú an Aontais a bhailiú, a chur i gcomparáid agus a chomhiomlánú. Go háirithe, chun an chalaois a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a cheartú go héifeachtach nó chun neamhrialtachtaí a réiteach, is gá a bheith in ann na daoine nádúrtha a shainaithint, ar daoine iad a thairbhíonn, go díreach nó go hindíreach, de chistiú an Aontais sa deireadh agus a bhaineann leas as mí-úsáid chistiú an Aontais sa deireadh. Le taifeadadh agus stóráil leictreonach na sonraí maidir le faighteoirí chistiú an Aontais, lena n-áirítear a n-úinéirí tairbhiúla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (6), de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ***a príomhchonraitheoirí***, le cur ar fáil tráthrialta na sonraí sin i gcóras comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca a sholáthraíonn an Coimisiún, ba cheart measúnú riosca a éascú chun críoch roghnúcháin, dámhachtana, bainistíochta airgeadais, faireacháin, imscrúdúcháin, rialaithe agus iniúchta agus ba cheart rannchuidiú le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile a chosc, a bhrath, a cheartú go héifeachtach agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith. ***Chuirfeadh stóráil leictreonach sonraí agus rochtain ar chóras comhtháite TF le trédhearcacht ar leibhéal an Aontais, chomh maith le muinín an phobail sa tslí ina bhfuil cistí an Aontais á gcaitheamh.*** Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as córas comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca a fhorbairt, bainistiú a dhéanamh air agus faireachán a dhéanamh air. Ba cheart an rochtain is gá a bheith ag an gCoimisiún, na Ballstáit, na daoine nó eintitis a chuireann an buiséad chun feidhme, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ('OLAF') agus comhlachtaí imscrúdúcháin agus rialaithe eile de chuid an Aontais agus a n-inniúlachtaí faoi seach á gcomhlíonadh

acu. Na rialacha maidir le sonraí a thaifeadadh, a stóráil, a aistriú agus a phróiseáil, ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme ***maidir le cosaint sonraí, saineolas agus rúin cheirde***.

Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais le haghaidh sciúradh airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

[32] Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais le haghaidh sciúradh airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Gan dochar do na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, is ceart féachaint leis an trédhearcacht is fearr a bheith ann maidir le faisnéis mar gheall ar fhaighteoirí. An fhaisnéis faoi fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais , is ceart sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe de chuid institiúidí an Aontais, amhail sa Chóras um Thrédhearcacht Airgeadais. Ba cheart a chumhdach le ceanglais foilseacháin modhanna uile chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear an cur chun feidhme a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit, do dhaoine agus d’eintitis a chuireann an buiséad chun feidhme agus d’institiúidí agus do chomhlachtaí eile de chuid an Aontais faisnéis a thabhairt don Choimisiún, ar bhonn bliantúil ar a laghad, maidir lena bhfaighteoirí cistithe ón Aontas. San fhaisnéis sin, ba cheart, ar a laghad, ainm , aitheantóir uathúil agus ionad an fhaighteora, an méid a ghealltar agus cuspóir an bhirt a thabhairt. Ba cheart | (29) Gan dochar do na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta, is ceart féachaint leis an trédhearcacht is fearr a bheith ann maidir le faisnéis mar gheall ar fhaighteoirí. An fhaisnéis faoi fhaighteoirí cistí de chuid an Aontais , is ceart sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tiomnaithe de chuid institiúidí an Aontais, amhail sa Chóras um Thrédhearcacht Airgeadais. Ba cheart a chumhdach le ceanglais foilseacháin modhanna uile chur chun feidhme an bhuiséid, lena n-áirítear an cur chun feidhme a dhéanann institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit, do dhaoine agus d’eintitis a chuireann an buiséad chun feidhme agus d’institiúidí agus do chomhlachtaí eile de chuid an Aontais faisnéis a thabhairt don Choimisiún, ar bhonn bliantúil ar a laghad, maidir lena bhfaighteoirí cistithe ón Aontas. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin ar a laghad ainm, aitheantóir uathúil agus ionad an fhaighteora, an méid a gealladh, cuspóir an bhirt, ***an*** |

go gcuirfí san áireamh san fhaisnéis sin critéir ábhartha mar thréimhsiúlacht, cineál agus tábhacht an bhirt.

***príomhchonraitheoir, dáta sínithe an chonartha agus, i gcás inarb infheidhme, dáta na hiarrata deiridh ar aisíocaíocht.*** Ba cheart go gcuirfí san áireamh san fhaisnéis sin critéir ábhartha mar thréimhsiúlacht, cineál agus tábhacht an bhirt.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 103**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (103) Chun feabhas a chur ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais, ba cheart an córas luathbhraite agus eisiaimh a threisiú. Tá sé tábhachtach nach féidir le duine ná le heintiteas atá i staid eisiaimh iarratas a dhéanamh ar chistí a chur chun feidhme ná a bheith roghnaithe chun cistí a chur chun feidhme, ná cistí den sórt sin a fháil faoi chlár atá faoi bhainistiú comhroinnte. I gcás ina bhfuil breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach, ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach a bheith in ann duine nó eintiteas a eisiamh, ar choinníoll go bhfuil an t-eintiteas i staid eisiaimh agus meastar nach bhfuil sé iontaofa toisc go raibh sé ag gabháil do mhí-iompar tromchúiseach áirithe dá dtagraítear in Airteagal 139(1). In éagmais breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach, ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach a bheith in ann eisiamh, ar bhonn réamhaicmiú sa dlí arna dhéanamh ag an bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 146, ag féachaint do fhíorais agus do thorthaí a suíodh i gcomhthéacs iniúchtaí nó imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) nó i gcomhthéacs aon seiceála, iniúchta nó rialaithe eile arna ndéanamh faoi | (103) Chun feabhas a chur ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais, ba cheart an córas luathbhraite agus eisiaimh a threisiú. Tá sé tábhachtach nach féidir le duine ná le heintiteas atá i staid eisiaimh iarratas a dhéanamh ar chistí a chur chun feidhme ná a bheith roghnaithe chun cistí a chur chun feidhme, ná cistí den sórt sin a fháil ***faoi chlár atá díreach, indíreach nó faoi bhainistiú comhroinnte, nó a bheith ina chonraitheoir*** faoi chlár atá faoi bhainistiú comhroinnte. I gcás ina bhfuil breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach, ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach a bheith in ann duine nó eintiteas a eisiamh, ar choinníoll go bhfuil an t-eintiteas i staid eisiaimh agus meastar nach bhfuil sé iontaofa toisc go raibh sé ag gabháil do mhí-iompar tromchúiseach áirithe dá dtagraítear in Airteagal 139(1). In éagmais breithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach, ba cheart don oifigeach údarúcháin atá freagrach a bheith in ann eisiamh, ar bhonn réamhaicmiú sa dlí arna dhéanamh ag an bpainéal dá dtagraítear in Airteagal 146, ag féachaint do fhíorais agus do thorthaí a suíodh i gcomhthéacs iniúchtaí nó imscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) nó i |

fhreagracht an oifigigh údarúcháin. Ba cheart eisiaimh den sórt sin a chlárú sa bhunachar sonraí a ghabhann leis an gcóras luathbhraite agus eisiaimh arna bhunú faoi Airteagal 138(1). Ba cheart d'údaráis na mBallstát é a chur san áireamh trí dhiúltú do dhaoine agus d'eintitis den sórt sin a bheith roghnaithe chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme nó cistí den sórt sin a fháil. Níor cheart aisíocaíocht a dhéanamh i leith iarratais ar íocaíocht ó na Ballstáit faoi bhainistiú comhroinnte, lena n-áirítear caiteachas a bhaineann le duine nó le heintiteas atá eisiata. I gcás ina n-eisíoctar cistí le Ballstáit faoi chreata atá bunaithe ar fheidhmíocht, beidh feidhm ag rialacha sonracha, mar a leagtar amach sa reachtaíocht earnáilsonrach.

gcomhthéacs aon seiceála, iniúchta nó rialaithe eile arna ndéanamh faoi fhreagracht an oifigigh údarúcháin. Ba cheart eisiaimh den sórt sin a chlárú sa bhunachar sonraí a ghabhann leis an gcóras luathbhraite agus eisiaimh arna bhunú faoi Airteagal 138(1). Ba cheart d'údaráis na mBallstát é a chur san áireamh trí dhiúltú do dhaoine agus d'eintitis den sórt sin a bheith roghnaithe chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme nó cistí den sórt sin a fháil. Níor cheart aisíocaíocht a dhéanamh i leith iarratais ar íocaíocht ó na Ballstáit faoi bhainistiú comhroinnte, lena n-áirítear caiteachas a bhaineann le duine nó le heintiteas atá eisiata. I gcás ina n-eisíoctar cistí le Ballstáit faoi chreata atá bunaithe ar fheidhmíocht, beidh feidhm ag rialacha sonracha, mar a leagtar amach sa reachtaíocht earnáilsonrach.

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 115**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (115) Chun feabhas a chur ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais a thuilleadh, ba cheart don oifigeach údarúcháin a bheith in ann úinéirí tairbhiúla agus eintitis chleamhnaithe de chuid an eintitis eisiata a bhí rannpháirteach i mí-iompar an eintitis eisiata a eisiamh nó pionós airgeadais a fhorchur orthu. Tá sé d'aidhm ag an bhféidearthacht maidir le húinéirí tairbhiúla agus eintitis chleamhnaithe a eisiamh cosc a chur ar dhuine nó ar eintiteas atá eisiata ó bheith roghnaithe chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme leanúint de bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair agus dámhachtana, trí chuideachta nua nó trí eintiteas cleamhnaithe atá ann cheana. | (115) Chun feabhas a chur ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais a thuilleadh, ba cheart don oifigeach údarúcháin a bheith in ann úinéirí tairbhiúla agus eintitis chleamhnaithe***, lena n-áirítear príomhchonraitheoirí,*** de chuid an eintitis eisiata a bhí rannpháirteach i mí-iompar an eintitis eisiata a eisiamh nó pionós airgeadais a fhorchur orthu. Tá sé d'aidhm ag an bhféidearthacht maidir le húinéirí tairbhiúla agus eintitis chleamhnaithe a eisiamh cosc a chur ar dhuine nó ar eintiteas atá eisiata ó bheith roghnaithe chun cistí de chuid an Aontais a chur chun feidhme leanúint de bheith rannpháirteach i nósanna imeachta soláthair agus dámhachtana, trí chuideachta nua nó trí eintiteas cleamhnaithe atá ann cheana. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 134**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (134) Chun feabhas a chur ar rialachas agus ar cháilíocht seirbhísí poiblí digiteacha idir-inoibritheacha, ba cheart d'institiúidí an Aontais, do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus do chomhlachtaí an Aontais, cuir i gcás iad siúd dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71, an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta a leanúint agus a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir. | (134) Chun feabhas a chur ar rialachas agus ar cháilíocht seirbhísí poiblí digiteacha idir-inoibritheacha, ba cheart ***do na Ballstáit,*** d'institiúidí an Aontais, do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus do chomhlachtaí an Aontais, cuir i gcás iad siúd dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71, an Creat Eorpach Idir-inoibritheachta a leanúint agus a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 140**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (140) Chun cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais a áirithiú, is iomchuí cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta maidir le bainistíocht indíreach a shoiléiriú a thuilleadh. Cé nach féidir difear a dhéanamh do chineál na n-oibleagáidí a fhorchuirtear leis an gcreat dlíthiúil ábhartha is infheidhme mar gheall ar phrionsabal na comhréireachta, ba cheart úsáid a bhaint as go córasach sa chomhar le comhpháirtithe cur chun feidhme de chuid an Aontais, chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus caomhnú chumas an Aontais a chuid beartas a chur chun feidhme. Ba cheart coigeartuithe áirithe agus athstruchtúrú a dhéanamh ar na forálacha ábhartha. Níor cheart a thuiscint leis sin go bhfuiltear ag teorannú sa chleachtas na gceart agus na rochtana is gá don oifigeach údaráis atá freagrach, do | (140) Chun cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais a áirithiú, is iomchuí cur i bhfeidhm phrionsabal na comhréireachta maidir le bainistíocht indíreach a shoiléiriú a thuilleadh. Cé nach féidir difear a dhéanamh do chineál na n-oibleagáidí a fhorchuirtear leis an gcreat dlíthiúil ábhartha is infheidhme mar gheall ar phrionsabal na comhréireachta, ba cheart úsáid a bhaint as go córasach sa chomhar le comhpháirtithe cur chun feidhme de chuid an Aontais, chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus caomhnú chumas an Aontais a chuid beartas a chur chun feidhme. Ba cheart coigeartuithe agus athstruchtúrú áirithe a dhéanamh ar na forálacha ábhartha, ***lena n-áirítear comhchuibhiú na nósanna imeachta rialaithe idir an Chúirt Iniúchóirí ar thaobh amháin agus na leibhéil náisiúnta*** |

| | |
|---|---|
| OIPE i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i gcás inarb iomchuí, do na húdaráis náisiúnta ábhartha, chun gur féidir leo a gcúraimí féin a dhéanamh go hiomlán. | ***agus réigiúnacha ar an taobh eile***. Níor cheart a thuiscint leis sin go bhfuiltear ag teorannú sa chleachtas na gceart agus na rochtana is gá don oifigeach údaráis atá freagrach, do OIPE i dtaca leis na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i gcás inarb iomchuí, do na húdaráis náisiúnta ábhartha, chun gur féidir leo a gcúraimí féin a dhéanamh go hiomlán. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 150**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (150) I bhfianaise phaindéim Covid-19, is iomchuí an sainmhíniú ar ghéarchéim a mhodhnú, sainmhíniú a bhfuil feidhm aige go háirithe maidir leis na forálacha comhchoiteanna agus maidir leis an soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha agus lena gcumhdaítear sláinte phoiblí agus ainmhithe, éigeandálaí sábháilteachta bia agus bagairtí sláinte domhanda. Chun go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann chun a áirithiú go dtabharfar mearfhreagairt ar imthosca fíorphráinne gan choinne atá mar thoradh ar ghéarchéim, ba cheart cead a bheith ag an údarás conarthach na rialacha simplithe soláthair a chur i bhfeidhm, cuir i gcás an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha is infheidhme maidir le cásanna géarchéime a fhoilsiú roimh ré agus glacadh le fianaise maidir le critéir eisiaimh agus roghnúcháin ón tairgeoir a thoimhdítear go mbuafaidh sé an conradh tar éis chinneadh na dámhachtana, ach in aon chás roimh shíniú an chonartha. Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag an údarás conarthach freisin conradh nó creatchonradh a mhodhnú go heisceachtúil, lastall de na tairsí dá dtagraítear in | (150) I bhfianaise phaindéim Covid-19 ***agus thionchar ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine***, is iomchuí an sainmhíniú ar ghéarchéim a mhodhnú, sainmhíniú a bhfuil feidhm aige go háirithe maidir leis na forálacha comhchoiteanna agus maidir leis an soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha agus lena gcumhdaítear sláinte phoiblí agus ainmhithe, éigeandálaí sábháilteachta bia agus bagairtí sláinte domhanda. Chun go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann chun a áirithiú go dtabharfar mearfhreagairt ar imthosca fíorphráinne gan choinne atá mar thoradh ar ghéarchéim, ba cheart cead a bheith ag an údarás conarthach na rialacha simplithe soláthair a chur i bhfeidhm, cuir i gcás an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha is infheidhme maidir le cásanna géarchéime a fhoilsiú roimh ré agus glacadh le fianaise maidir le critéir eisiaimh agus roghnúcháin ón tairgeoir a thoimhdítear go mbuafaidh sé an conradh tar éis chinneadh na dámhachtana, ach in aon chás roimh shíniú an chonartha. Ba cheart an tsolúbthacht a bheith ag an údarás conarthach freisin conradh nó creatchonradh a mhodhnú go |

| | |
|---|---|
| Airteagal 176(3), gan nós imeachta soláthair chun freagairt do ghéarchéim. Ba cheart gá a bheith le géarchéim a fhógairt i gcomhréir leis na rialacha inmheánacha ábhartha sula rachfar ar iontaoibh na rialacha simplithe sin, seachas i gcás soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha i gcás nach bhfuil gá leis an bhfógairt sin. Ina theannta sin, ba cheart do na hoifigigh údarúcháin atá freagrach údar a thabhairt cás ar chás leis an bpráinn mhór atá mar thoradh ar an ngéarchéim fhógartha. | heisceachtúil, lastall de na tairsí dá dtagraítear in Airteagal 176(3), gan nós imeachta soláthair chun freagairt do ghéarchéim. Ba cheart gá a bheith le géarchéim a fhógairt i gcomhréir leis na rialacha inmheánacha ábhartha sula rachfar ar iontaoibh na rialacha simplithe sin, seachas i gcás soláthar i réimse na ngníomhaíochtaí seachtracha i gcás nach bhfuil gá leis an bhfógairt sin. Ina theannta sin, ba cheart do na hoifigigh údarúcháin atá freagrach údar a thabhairt cás ar chás leis an bpráinn mhór atá mar thoradh ar an ngéarchéim fhógartha. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 158**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (158) I gcomhréir le cuspóirí na Teachtaireachta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ba cheart dul chun cinn i dtreo cur chun feidhme gnéithe glasúcháin a áirithiú trí chritéir roghnúcháin nó dhámhachtana ghlasa a áireamh, i gcás inarb ábhartha, le haghaidh glaonna ar thairiscintí, rud a bheidh ina dhreasacht d’oibreoirí eacnamaíocha chun roghanna níos inbhuanaithe a chur ar fáil. | (158) I gcomhréir le cuspóirí na Teachtaireachta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ba cheart dul chun cinn i dtreo cur chun feidhme gnéithe glasúcháin a áirithiú trí chritéir roghnúcháin nó dhámhachtana ghlasa a áireamh, i gcás inarb ábhartha, le haghaidh glaonna ar thairiscintí, rud a bheidh ina dhreasacht d’oibreoirí eacnamaíocha chun roghanna níos inbhuanaithe a chur ar fáil. ***Thairis sin, tá an beartas comhtháthaithe ina uirlis thábhachtach chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun tacú le cuspóirí Chomhaontú Pháras.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 161**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (161) Chun a áirithiú nach ann do leasanna coinbhleachta gairmiúla a d’fhéadfadh difear a dhéanamh, nó lena | (161) Chun a áirithiú nach ann do leasanna coinbhleachta gairmiúla a d’fhéadfadh difear a dhéanamh, nó lena |

| | |
|---|---|
| mbaineann an riosca go ndéanfaidís difear, don chumas maidir leis an gconradh a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách, neamhchlaonta agus oibiachtúil, is gá oibleagáidí an údaráis chonarthaigh agus na n-iarrthóirí nó na dtairgeoirí a shoiléiriú. Ar thaobh amháin, maidir leis na hiarrthóirí, na tairgeoirí agus, i gcás inarb iomchuí, na heintitis a dtéann siad i muinín a gcumais mar aon leis na fochonraitheoirí atá beartaithe, ba cheart dóibh a dhearbhú nach ann do na leasanna coinbhleachta sin, agus faisnéis ghaolmhar a chur ar fáil arna iarraidh sin. Ar an taobh eile, ba cheart don údarás conarthach measúnú a dhéanamh ar cé acu is ann nó nach ann do na leasanna coinbhleachta gairmiúla sin tráth a dhearbhaítear sin nó ar bhonn na faisnéise breise. I gcás ina suitear gur ann do na leasanna coinbhleachta gairmiúla sin, ba cheart na hiarrthóirí nó na tairgeoirí a dhiúltú ón dámhachtain mar thoradh air sin. | mbaineann an riosca go ndéanfaidís difear, don chumas maidir leis an gconradh a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách, neamhchlaonta agus oibiachtúil, is gá oibleagáidí an údaráis chonarthaigh agus na n-iarrthóirí nó na dtairgeoirí a shoiléiriú. Ar thaobh amháin, maidir leis na hiarrthóirí, na tairgeoirí agus, i gcás inarb iomchuí, na heintitis a dtéann siad i muinín a gcumais mar aon leis na fochonraitheoirí atá beartaithe, ba cheart dóibh a dhearbhú nach ann do na leasanna coinbhleachta sin, agus faisnéis ghaolmhar a chur ar fáil arna iarraidh sin. Ar an taobh eile, ba cheart don údarás conarthach measúnú a dhéanamh ar cé acu is ann nó nach ann do na leasanna coinbhleachta gairmiúla sin tráth a dhearbhaítear sin nó ar bhonn na faisnéise breise ***gan cur isteach ná moill a chur ar mheastóireacht an tionscadail***. I gcás ina suitear gur ann do na leasanna coinbhleachta gairmiúla sin, ba cheart na hiarrthóirí nó na tairgeoirí a dhiúltú ón dámhachtain mar thoradh air sin. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 165**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (165) Is gá na rialacha lena rialaítear córais cheannaigh dhinimiciúla a shimpliú chun é a chur ar a gcumas d'údaráis chonarthacha tairbhiú go hiomlán de na féidearthachtaí a thugtar leis an modh ceannaigh sin. Go háirithe, ba cheart na córais a oibriú i bhfoirm nós imeachta srianta agus, dá bhrí sin, a cheadú d'aon oibreoir eacnamaíoch a chuireann iarraidh isteach chun bheith rannpháirteach agus a chomhlíonann na critéir eisiaimh agus roghnúcháin páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta soláthair a dhéantar tríd an gcóras ceannaigh dinimiciúil thar thréimhse a bhailíochta, tréimhse nár cheart a bheith teoranta do 4 bliana. Féadfar tairiscintí a | (165) Is gá na rialacha a shimpliú lena rialaítear córais cheannaigh dhinimiciúla ***lena laghdaítear nósanna imeachta a ghlacann go leor ama, lena n-áirítear achomhairc a réiteach,*** chun é a chur ar a gcumas d'údaráis chonarthacha tairbhiú go hiomlán de na féidearthachtaí a thugtar leis an modh ceannaigh sin. Go háirithe, ba cheart na córais a oibriú i bhfoirm nós imeachta srianta agus, dá bhrí sin, a cheadú d'aon oibreoir eacnamaíoch a chuireann iarraidh isteach chun bheith rannpháirteach agus a chomhlíonann na critéir eisiaimh agus roghnúcháin páirt a ghlacadh sna nósanna imeachta soláthair a dhéantar tríd an gcóras ceannaigh dinimiciúil thar |

| | |
|---|---|
| chur i láthair i bhfoirm catalóg leictreonach go háirithe le haghaidh táirgí atá le ceannach i siopa nó seirbhísí atá ar fáil go ginearálta ar an margadh. Thairis sin, chun an t-ualach riaracháin a laghdú i bhfianaise chineál dinimiciúil na gcóras, ba cheart an ceanglas maidir le ceapadh coiste oscailte agus meastóireachta a tharscaoileadh i gcás soláthairtí sonracha faoi chóras ceannaigh dinimiciúil. I bhfianaise an dul chun cinn maidir le digiteáil nósanna imeachta soláthair, ba cheart a shoiléiriú go bhféadfar oscailtí poiblí le haghaidh nós imeachta oscailte a eagrú ó chian trí fhíschomhdhálacha. | thréimhse a bhailíochta, tréimhse nár cheart a bheith teoranta do 4 bliana. Féadfar tairiscintí a chur i láthair i bhfoirm catalóg leictreonach go háirithe le haghaidh táirgí atá le ceannach i siopa nó seirbhísí atá ar fáil go ginearálta ar an margadh. Thairis sin, chun an t-ualach riaracháin a laghdú i bhfianaise chineál dinimiciúil na gcóras, ba cheart an ceanglas maidir le ceapadh coiste oscailte agus meastóireachta a tharscaoileadh i gcás soláthairtí sonracha faoi chóras ceannaigh dinimiciúil. I bhfianaise an dul chun cinn maidir le digiteáil nósanna imeachta soláthair, ba cheart a shoiléiriú go bhféadfar oscailtí poiblí le haghaidh nós imeachta oscailte a eagrú ó chian trí fhíschomhdhálacha. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 178**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (178) Léirítear leis an taithí a fuarthas gur gá a shoiléiriú cad iad na cásanna ina meastar go n-athraítear ábhar an chonartha le modhnú. | (178) Léirítear leis an taithí a fuarthas gur gá a shoiléiriú cad iad na cásanna ina meastar go n-athraítear ábhar an chonartha ***agus na critéir roghnúcháin*** le modhnú. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 248**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (248) Chun creat dlíthiúil soiléir a chun go mbeidh institiúidí de chuid an Aontais in ann seirbhísí, soláthairtí nó saothair a dheonú, ba cheart tabhartais neamhairgeadais a áireamh mar ionstraim nua cur chun feidhme buiséid. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann an ionstraim sin agus an creat ginearálta tacaíochta a sholáthraíonn an tAontas do | (248) Chun creat dlíthiúil soiléir ***agus trédhearcach*** a sholáthar chun go mbeidh institiúidí de chuid an Aontais in ann seirbhísí, soláthairtí nó saothair a dheonú, ba cheart tabhartais neamhairgeadais a áireamh mar ionstraim nua cur chun feidhme buiséid. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann an ionstraim sin agus an creat ginearálta tacaíochta a sholáthraíonn |

thríú tíortha, ar creat é a bhfuil cineál leathan aige ach ar féidir tabhartais neamhairgeadais a chumhdach leis. I bhfianaise phaindéim COVID-19, ba cheart ionstraim den sórt sin a bheith ina bunús dlí cobhsaí go háirithe le haghaidh staideanna géarchéime agus éigeandála amach anseo agus ba cheart a áirithiú leis go mbeidh na huirlisí iomchuí um thacaíocht bhuiséadach ag institiúidí de chuid an Aontais chun cuidiú le Ballstáit, le daoine eile agus le heintitis tráth a bheidh an gá is mó le tacaíocht. Ba cheart an ionstraim sin a chur chun feidhme faoi bhainistiú díreach. Ba cheart forálacha gaolmhara, cuir i gcás sainmhínithe, fionraí, foirceannadh agus laghdú, agus an coiste meastóireachta a choigeartú dá réir.

an tAontas do thríú tíortha, ar creat é a bhfuil cineál leathan aige ach ar féidir tabhartais neamhairgeadais a chumhdach leis. I bhfianaise phaindéim COVID-19 ***agus thionchar ionsaí míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine***, ba cheart ionstraim den sórt sin a bheith ina bunús dlí cobhsaí go háirithe le haghaidh staideanna géarchéime agus éigeandála amach anseo agus ba cheart a áirithiú leis go mbeidh na huirlisí iomchuí um thacaíocht bhuiséadach ag institiúidí de chuid an Aontais chun cuidiú le Ballstáit, le daoine eile agus le heintitis tráth a bheidh an gá is mó le tacaíocht. Ba cheart an ionstraim sin a chur chun feidhme faoi bhainistiú díreach. Ba cheart forálacha gaolmhara, cuir i gcás sainmhínithe, fionraí, foirceannadh agus laghdú, agus an coiste meastóireachta a choigeartú dá réir.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 256**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (256) Modhnuithe áirithe maidir le sonraí faoi fhaighteoirí a tharchur chuig an gCoimisiún lena bhfoilsiú, agus maidir le sonraí faoi fhaighteoirí a thaifeadadh go leictreonach agus a stóráil agus maidir le húsáid an chórais chomhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca chun rochtain a fháil ar na sonraí sin agus anailís a dhéanamh orthu, níor cheart feidhm a bheith acu sin ach amháin maidir le cláir a ghlacfar faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil tar éis 2027 agus a mhaoineofar as an gcreat sin chun aistriú rianúil a áirithiú trí am leordhóthanach a thabhairt chun an t-oiriúnú is gá a dhéanamh ar chórais sonraí leictreonacha agus ar chomhaontuithe ábhartha, agus chun treoraíocht agus oiliúint a chur ar fáil. | (256) Modhnuithe áirithe maidir le sonraí faoi fhaighteoirí a tharchur chuig an gCoimisiún lena bhfoilsiú, agus maidir le sonraí faoi fhaighteoirí a thaifeadadh go leictreonach agus a stóráil agus maidir le húsáid an chórais chomhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca chun rochtain a fháil ar na sonraí sin agus anailís a dhéanamh orthu, níor cheart feidhm a bheith acu sin ach amháin maidir le cláir a ghlacfar faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil tar éis 2027 agus a mhaoineofar as an gcreat sin chun aistriú rianúil a áirithiú trí am leordhóthanach a thabhairt chun an t-oiriúnú is gá a dhéanamh ar chórais sonraí leictreonacha agus ar chomhaontuithe ábhartha, agus chun treoraíocht agus oiliúint a chur ar fáil ***d'údaráis náisiúnta,*** |

| | |
|---|---|
| | ***réigiúnacha agus áitiúla***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'iarratasóir' duine nádúrtha nó eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, a bhfuil iarratas déanta aige le linn nós imeachta um dhámhachtain deontas , le linn nós imeachta um thabhartas neamhairgeadais a dhámhachtain nó le linn comórtas le haghaidh duaiseanna; | (1) ciallaíonn 'iarratasóir' duine nádúrtha nó eintiteas, bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh, a bhfuil iarratas déanta aige le linn nós imeachta um dhámhachtain deontas, ***le linn nós imeachta um dhámhachtain iasachta arna ráthú ag an Aontas, le linn*** nós imeachta um thabhartas neamhairgeadais a dhámhachtain nó le linn comórtas le haghaidh duaiseanna; |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'tairbhí' duine nádúrtha nó eintiteas bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh lena bhfuil comhaontú deontais sínithe; | (5) ciallaíonn 'tairbhí' duine nádúrtha nó eintiteas bíodh pearsantacht dhlítheanach aige nó ná bíodh lena bhfuil comhaontú deontais***, comhaontú iasachta, comhaontú maidir le tabhartas neamhairgeadais*** sínithe***, nó ar a ndearnadh duais a dhámhachtain***; |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) ciallaíonn 'rialú' aon bheart a ghlactar chun cinnteacht réasúnta a sholáthar maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus tíosaíocht oibríochta, | (20) ciallaíonn 'rialú' aon bheart a ghlactar chun cinnteacht réasúnta a sholáthar maidir le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus tíosaíocht oibríochta, |

| | |
|---|---|
| iontaofacht tuairiscithe, acmhainní agus faisnéis a chosaint, calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a bhrath agus a cheartú agus maidir lena leanúint, agus bainistíocht leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart, agus cineál ilbhliantúil na gclár á gcur san áireamh chomh maith le cineál na n-íocaíochtaí lena mbaineann. D'fhéadfadh seiceálacha éagsúla a bheith ag baint le rialuithe, mar aon le cur i bhfeidhm aon pholasaithe agus nósanna imeachta chun na cuspóirí dá dtagraítear sa chéad abairt a bhaint amach; | iontaofacht tuairiscithe, acmhainní agus faisnéis a chosaint, calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a bhrath agus a cheartú agus maidir lena leanúint, agus bainistíocht leordhóthanach ar na rioscaí a bhaineann le dlíthiúlacht agus le rialtacht na mbun-idirbheart, agus cineál ilbhliantúil na gclár á gcur san áireamh chomh maith le cineál na n-íocaíochtaí lena mbaineann. D'fhéadfadh seiceálacha éagsúla a bheith ag baint le rialuithe, ***lena n-áirítear comhleanúnachas agus cothabháil na gcritéar incháilitheachta le linn na tréimhse cur chun feidhme,*** mar aon le cur i bhfeidhm aon pholasaithe agus nósanna imeachta chun na cuspóirí dá dtagraítear sa chéad abairt a bhaint amach; |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 22 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) staid a tharlaíonn de bharr tubaistí nádúrtha, géarchéimeanna de dhéantús an duine amhail cogaí agus coinbhleachtaí eile nó imthosca neamhghnácha a bhfuil iarmhairtí acu atá inchomparáide inter alia le hiarmhairtí a bhaineann leis an athrú aeráide, le sláinte phoiblí agus ainmhithe, le héigeandálaí sábháilteachta bia agus le bagairtí ar an tsláinte dhomhanda amhail paindéimí, le díghrádú comhshaoil, le heaspa rochtana ar fhuinneamh agus acmhainní nádúrtha nó le dianbhochtaineacht; | (b) staid a tharlaíonn de bharr tubaistí nádúrtha, géarchéimeanna de dhéantús an duine amhail cogaí agus coinbhleachtaí eile nó imthosca neamhghnácha a bhfuil iarmhairtí acu atá inchomparáide *inter alia* le hiarmhairtí a bhaineann leis an athrú aeráide, ***le sreabha imirce a chruthaíonn éagobhsaíocht i réigiúin áirithe,*** le sláinte phoiblí**,** ainmhithe ***agus plandaí***, le héigeandálaí sábháilteachta bia agus le bagairtí ar an tsláinte dhomhanda amhail paindéimí, le díghrádú comhshaoil, le heaspa rochtana ar fhuinneamh agus acmhainní nádúrtha nó le dianbhochtaineacht; |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunófar agus cuirfear chun feidhme an buiséad i gcomhréir le prionsabail na haontachta, an chruinnis bhuiséadaigh, na bliantúlachta, na cothromaíochta, an aonaid cuntais, na huilíochta, na sonraíochta, na bainistíochta fónta airgeadais agus na trédhearcachta mar a leagtar amach sa Rialachán seo. | 1. Bunófar agus cuirfear chun feidhme an buiséad i gcomhréir le prionsabail na haontachta, prionsabail an chruinnis bhuiséadaigh, prionsabail na bliantúlachta, prionsabail na cothromaíochta, prionsabail an aonaid chuntais, prionsabail na huilíochta, prionsabail na sonraíochta, prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais***, prionsabal na hurraime don smacht reachta agus do chearta bunúsacha*** a dteastaíonn rialú inmheánach éifeachtach agus éifeachtúil lena aghaidh, agus prionsabal na trédhearcachta mar atá leagtha amach sa Rialachán seo. |

*Réasúnú*

*Is gá urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha a chur isteach i measc na bprionsabal ar chúiseanna a bhaineann le loighic inmheánach an téacs agus tá dlúthbhaint aige leis an modhnú atá beartaithe ar Airteagal 6, mír 2.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ina theannta sin, comhlíonfaidh bunú agus cur chun feidhme an bhuiséid forálacha Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint. | 2. Ina theannta sin, comhlíonfaidh bunú agus cur chun feidhme an bhuiséid forálacha Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint ***agus rialacha chun éilliú agus míbhainistíocht a chomhrac***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ba cheart cláir agus gníomhaíochtaí | (d) ba cheart cláir agus gníomhaíochtaí |

| | |
|---|---|
| a chur chun feidhme chun na cuspóirí a leagadh síos dóibh a bhaint amach gan díobháil shuntasach a dhéanamh do na cuspóirí comhshaoil a bhaineann le maolú an athraithe aeráide, le hoiriúnú i leith athrú aeráide, le húsáid inbhuanaithe agus cosaint na n-acmhainní uisce agus mara, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le truailliú a chosc agus a rialú agus le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, mar a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | a chur chun feidhme chun na cuspóirí a leagadh síos dóibh a bhaint amach gan díobháil shuntasach a dhéanamh do na cuspóirí comhshaoil a bhaineann le maolú an athraithe aeráide, le hoiriúnú i leith athrú aeráide, le húsáid inbhuanaithe agus cosaint na n-acmhainní uisce agus mara, leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, le truailliú a chosc agus a rialú agus le bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú, mar a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52] ***ach amháin i gcás géarchéimeanna mar a shainmhínítear in Airteagal 2 (22) den Rialachán seo lena sannfar tosaíocht do ghéarchéim a réiteach i bhfianaise an tionchair ar bheatha an duine***. |
| Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 198, 22.6.2020, lch. 13. | [51] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 198, 22.6.2020, lch. 13. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) calaois , éilliú, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile a chosc, a bhrath, a cheartú agus a mheasúnú go leantach , lena n-áirítear trí shonraí maidir le faighteoirí chistí an Aontais a thaifeadadh agus a stóráil go leictreonach lena n-áirítear a n-úinéirí tairbhiúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (6), de Threoir (AE) 2015/849 , agus trí úsáid a bhaint as córas comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca arna sholáthar ag an | (d) calaois , éilliú, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile a chosc, a bhrath, a cheartú agus a mheasúnú go leantach , lena n-áirítear trí shonraí maidir le faighteoirí chistí an Aontais a thaifeadadh agus a stóráil go leictreonach lena n-áirítear a n-úinéirí tairbhiúla ***agus príomhchonraitheoirí***, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (6), de Threoir (AE) 2015/849 , agus trí úsáid a bhaint as córas comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus |

| | |
|---|---|
| gCoimisiún chun rochtain a fháil agus anailís a dhéanamh ar na sonraí sin ; | scóráil riosca arna sholáthar ag an gCoimisiún chun rochtain a fháil agus anailís a dhéanamh ar na sonraí sin ; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) rianta iniúchta leordhóthanacha agus sláine sonraí i gcórais sonraí lena n-áirítear cinn leictreonacha ; | (c) rianta iniúchta leordhóthanacha ***agus rianta iniúchóireachta earnála comhchuibhithe*** agus sláine sonraí i gcórais sonraí lena n-áirítear cinn leictreonacha ; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ainm dlíthiúil iomlán an fhaighteora i gcás daoine dlítheanacha, an t-ainm agus an sloinne i gcás daoine nádúrtha, a gcuid uimhreacha aitheantais CBL nó uimhreacha aitheantais cánach i gcás ina mbeidh fáil orthu nó aitheantóir uathúil eile ar leibhéal na tíre agus méid an chistiúcháin. I gcás duine nádúrtha, an dáta breithe freisin; | (a) ainm dlíthiúil iomlán an fhaighteora ***agus an phríomhchonraitheora*** i gcás daoine dlítheanacha, an t-ainm agus an sloinne i gcás daoine nádúrtha, a gcuid uimhreacha aitheantais CBL nó uimhreacha aitheantais cánach i gcás ina mbeidh fáil orthu nó aitheantóir uathúil eile ar leibhéal na tíre agus méid an chistiúcháin. I gcás duine nádúrtha, an dáta breithe freisin; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 7 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an gcóras comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca, dearfar é chun éascaíocht a dhéanamh ar mheasúnú rioscaí chun críoch | Maidir leis an gcóras comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca, dearfar é chun éascaíocht a dhéanamh ar mheasúnú rioscaí chun críoch |

| | |
|---|---|
| roghnúcháin, dámhachtana, bainistíochta airgeadais, faireacháin, imscrúdúcháin, rialúcháin agus iniúchóireachta agus chun rannchuidiú le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile a chosc, a bhrath, a cheartú agus a mheasúnú go leantach ar bhonn éifeachtach. | roghnúcháin, dámhachtana, bainistíochta airgeadais, faireacháin, imscrúdúcháin, rialúcháin agus iniúchóireachta agus chun rannchuidiú le calaois, éilliú, coinbhleachtaí leasa, cistiú dúbailte agus neamhrialtachtaí eile a chosc, a bhrath, a cheartú agus a mheasúnú go leantach ar bhonn éifeachtach ***chun leasa an Aontais a chosaint***. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an úsáid a bhaintear as na sonraí, agus an rochtain ar na sonraí, ar sonraí iad arna bpróiseáil ag an gcóras comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca, comhlíonfaidh siad na rialacha cosanta sonraí is infheidhme agus beidh siad teoranta don Choimisiún nó do ghníomhaireacht feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69, do na Ballstáit a chuireann chun feidhme an buiséad de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (b), do na Ballstáit a fhaigheann agus a chuireann chun feidhme cistí an Aontais de bhun chur chun feidhme an bhuiséid faoi Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), do na daoine nó na heintitis a chuireann chun feidhme an buiséad de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí, do OIPE agus do chomhlachtaí imscrúduithe agus rialúcháin eile de chuid an Aontais, laistigh d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí faoi seach. | Maidir leis an úsáid a bhaintear as na sonraí, agus an rochtain ar na sonraí, ar sonraí iad arna bpróiseáil ag an gcóras comhtháite TF aonair le haghaidh mianadóireacht sonraí agus scóráil riosca, comhlíonfaidh siad na rialacha cosanta sonraí is infheidhme ***agus rialacha maidir le saineolas agus leasanna tráchtála a chosaint agus*** beidh siad teoranta don Choimisiún nó do ghníomhaireacht feidhmiúcháin dá dtagraítear in Airteagal 69, do na Ballstáit a chuireann chun feidhme an buiséad de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (b), do na Ballstáit a fhaigheann agus a chuireann chun feidhme cistí an Aontais de bhun chur chun feidhme an bhuiséid faoi Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), do na daoine nó na heintitis a chuireann chun feidhme an buiséad de bhun Airteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (c), do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí, do OIPE agus do chomhlachtaí imscrúduithe agus rialúcháin eile de chuid an Aontais, laistigh d'fheidhmiú a n-inniúlachtaí faoi seach. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 56 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 56a*** |
| | ***An buiséad a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na hurraime don smacht reachta agus do chearta bunúsacha*** |
| | ***1. Déanfaidh an Coimisiún ioncam agus caiteachas an bhuiséid a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na hurraime don smacht reachta agus do chearta bunúsacha, ar réamhchoinníoll riachtanach é maidir le bainistíocht fhónta airgeadais agus cistiú éifeachtach Aontais.*** |
| | ***2. Déanfaidh an Coimisiún ioncam agus caiteachas an bhuiséid a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 agus áiritheoidh sé go gcomhlíonfar go hiomlán Airteagal 2 CAE.*** |
| | ***3. Comhoibreoidh na Ballstáit leis an gCoimisiún chun go n-úsáidfear na leithreasuithe i gcomhréir le prionsabal na hurraime don smacht reachta agus do chearta bunúsacha.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an airteagal nua seo maidir le cur chun feidhme an bhuiséid i gcomhréir le prionsabal na hurraime don smacht reachta agus do chearta bunúsacha ar chúiseanna a bhaineann le loighic inmheánach an téacs agus tá dlúthbhaint aige leis an modhnú atá beartaithe ar Airteagal 6, mír 2.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) achoimre bhliantúil ar na tuarascálacha iniúchóireachta deiridh agus ar na rialuithe a dhéantar, lena n-áirítear | (b) ***tuarascáil*** bhliantúil ***ar rialú ó údarás*** iniúchóireachta ***an Bhallstáit ina leagtar amach príomhthorthaí agus*** |

| | |
|---|---|
| anailís ar chineál agus méid na n-earráidí arna sainaithint sna córais, mar aon le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a glacadh nó a pleanáladh. | ***príomhchonclúidí na hiniúchóireachta***<br><br>, lena n-áirítear anailís ar chineál agus ***imthosca*** na n-earráidí arna sainaithint sna córais, mar aon le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a glacadh nó a pleanáladh. |

*Réasúnú*

*Is é is cuspóir don bhreis sin forálacha Airteagal 63(5)(b) den Rialachán Airgeadais agus forálacha Airteagal 77(3)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1060/2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna le haghaidh na clárthréimhse 2021-2027 a thabhairt i gcomhréir níos dlúithe le chéile, lena léirítear go soiléir an gá atá le dhá dhoiciméad ar leith a tharraingt suas le haghaidh chlárthréimhse 2021-2027: an achoimre bhliantúil arna tarraingt suas ag an údarás bainistíochta agus an tuarascáil bhliantúil ar rialú arna tarraingt suas ag an údarás iniúchóireachta.*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 168 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na nósanna imeachta lena mbaineann glao ar léiriú spéise do chonarthaí a bhfuil luach orthu atá faoi bhun na dtairseacha dá dtagraítear in Airteagal 179(1), chun iarrthóirí a réamhroghnú a dtabharfaí cuireadh dóibh tairiscintí a chur isteach mar fhreagairt ar ghlaonna srianta ar thairiscint amach anseo, nó liosta díoltóirí a bhailiú a dtabharfaí cuireadh dóibh iarrataí a chur isteach chun páirt a ghlacadh nó chun tairiscintí a chur isteach; | (b) na nósanna imeachta lena mbaineann glao ar léiriú spéise do chonarthaí a bhfuil luach orthu atá faoi bhun na dtairseacha dá dtagraítear in Airteagal 179(1) ***agus Airteagal 182 (1)***, chun iarrthóirí a réamhroghnú a dtabharfaí cuireadh dóibh tairiscintí a chur isteach mar fhreagairt ar ghlaonna srianta ar thairiscint amach anseo, nó liosta díoltóirí a bhailiú a dtabharfaí cuireadh dóibh iarrataí a chur isteach chun páirt a ghlacadh nó chun tairiscintí a chur isteach; |

*Réasúnú*

*Airteagal 182(1) a chur isteach lena socrófar tairseacha le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha. Tá nósanna imeachta a bhaineann le glaonna ar léiriú spéise infheidhme maidir le gníomhaíochtaí seachtracha, faoi phointe 13.1 d'Iarscríbhinn I, a bhaineann leis an dá chatagóir teorann - dá dtagraítear in Airteagal 179 (1) (nua) agus in Airteagal 182 (1) (nua).*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 212 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leanfaidh an Coimisiún de bheith freagrach as a áirithiú go gcomhlíontar prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais leis an gcreat cur chun feidhme d'ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha agus go dtacaíonn an creat sin le gnóthú na gcuspóirí beartais atá sainithe agus dá bhfuil faoi cheangal am socraithe, ar cuspóirí iad is féidir a thomhas i dtéarmaí aschur agus/nó torthaí. Beidh an Coimisiún freagrach as cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil agus chonarthach na n-eintiteas sin ar cuireadh cúram orthu, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus le hAirteagal 130. | Leanfaidh an Coimisiún de bheith freagrach as a áirithiú go gcomhlíontar prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais leis an gcreat cur chun feidhme d'ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha agus go dtacaíonn an creat sin le gnóthú na gcuspóirí beartais atá sainithe agus dá bhfuil faoi cheangal am socraithe, ar cuspóirí iad is féidir a thomhas i dtéarmaí aschur agus/nó torthaí. ***Áiritheoidh*** an Coimisiún ***go n-úsáidfear cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil, trédhearcach agus iomchuí, agus go gcoinneofar an t-ualach riaracháin agus airgeadais chomh híseal agus is féidir, go háirithe d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha***. Beidh an Coimisiún freagrach as cur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha gan dochar d'fhreagracht dhlíthiúil agus chonarthach na n-eintiteas sin ar cuireadh cúram orthu, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus le hAirteagal 130. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – pointe 2 – pointe 34 – pointe 34.2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil luach iomlán na gconarthaí atá le dámhachtain cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 179(1) nó níos mó ná iad, beidh feidhm ag Airteagal 167(1), ag Airteagal 168 agus Airteagal 169 maidir le gach ceann de na conarthaí. | I gcás ina bhfuil luach iomlán na gconarthaí atá le dámhachtain cothrom leis na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 179(1) ***agus de bhun Airteagal 182(1),*** nó níos mó ná iad, beidh feidhm ag Airteagal 167(1), ag Airteagal 168 agus Airteagal 169 maidir le gach ceann de na conarthaí. |

*Réasúnú*

*Ní luaitear pointe 34 faoi phointe 37 (nua) mar phointe atá díolmhaithe ó ghníomhaíochtaí seachtracha. Dá réir sin, molaimid go gcuirfí isteach tagairt d'Airteagal 182(1) nua, ina leagtar amach na tairseacha do ghníomhaíochtaí seachtracha.*

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlaithe) |
| **Tagairtí** | COM(2022)0223 – C9-0179/2022 – 2022/0162(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG CONT |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>12.9.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Daniel Buda<br>15.6.2022 |
| **Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 6.10.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 6.10.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 30.11.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, François Alfonsi, Stéphane Bijoux, Franc Bogovič, Vlad-Marius Botoş, Christian Doleschal, Matthias Ecke, Chiara Gemma, Krzysztof Hetman, Ondřej Knotek, Nora Mebarek, Alin Mituța, Dan-Ştefan Motreanu, Denis Nesci, Andrey Novakov, Younous Omarjee, Alessandro Panza, Marcos Ros Sempere, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Álvaro Amaro, Karolin Braunsberger-Reinhold, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Elena Lizzi, Bronis Ropė, Vera Tax, Stefania Zambelli |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vasile Blaga, Carlo Fidanza |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 29 | + |
|---|---|
| ID | Matteo Adinolfi, Elena Lizzi, Alessandro Panza, Stefania Zambelli |
| NI | Chiara Gemma |
| TCP | Álvaro Amaro, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Karolin Braunsberger-Reinhold, Daniel Buda, Christian Doleschal, Krzysztof Hetman, Dan-Ştefan Motreanu, Andrey Novakov |
| RENEW | Stéphane Bijoux, Vlad-Marius Botoş, Ondřej Knotek, Alin Mituța, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret |
| S&D | Isabel Carvalhais, Matthias Ecke, Nora Mebarek, Marcos Ros Sempere, Vera Tax |
| GRÚPA NA CLÉ | Younous Omarjee |
| VERTS/ALE | François Alfonsi, Bronis Ropė, Monika Vana |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Denis Nesci |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh